



An Bhruiséil, 19 Samhain 2021
(OR. en)

14149/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0364(NLE)**

UD 283

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	18 Samhain 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 704 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 704 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: COM(2021) 704 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2021
COM(2021) 704 final

2021/0364 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in
Airteagal 56(2) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí
talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Le Rialachán (AE) 1387/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013¹ déantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe a liostaítear ina Iarscríbhinn a chur ar fionraí. Leasaítear an Rialachán seo gach seimeastar chun freastal ar riachtanais thionscal an Aontais Eorpaigh. Ós rud é:

- gur leasaíodh an Rialachán 15 huaire cheana,
- is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 de bhrí gur tugadh cóid táirge na hAinmníochta Comhcheangailte cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún² chun gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh a bhfuil baint acu leis na hathruithe ar ainmníocht Chóras Comhchuibhithe 2022,

ar mhaithe le soiléireacht, tá sé beartaithe Rialachán (AE) 1387/2013 ón gComhairle a aisghairm agus an togra reatha a chur ina ionad.

Maidir le táirgeadh na dtáirgí a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo san Aontas, ní ann dó nó ní leor é, dá bhrí sin ní féidir freastal ar riachtanais tionscal úsáideoirí san Aontas. Dá ligfí d'fhiontair soláthairtí de na táirgí sin a fháil ag costas níos ísle ar feadh tréimhse áirithe, spreagfaí gníomhaíocht eacnamaíoch laistigh den Aontas, chuirfí feabhas ar chumas iomaíoch na bhfiontar sin agus chuirfí ar a gcumas dóibh fostaíocht a choinneáil ar bun nó a chruthú, a struchtúir a nuachóiriú, etc.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart a lua go bhfuil saoirse gluaiseachta ar fud an Aontais ag earraí a allmhairítear faoi na socrúithe fionraí taraife; dá bhrí sin, a luaithe a dheonaítear fionraí taraife, tá aon fhiontar in aon Bhallstát i dteideal leas a bhaint aisti.

Ós rud é gurb éard atá i dtaraif-fhionraíochtaí uathrialaitheacha eisceacht ón riail ghinearálta dá seasann an Chomhtharaif Chustaim, ní mór faireachán a dhéanamh orthu agus ní mór iad a athbhreithniú go córasach, faoi mar a dhéantar le gach maolú. Ina theannta sin, ba cheart go mbeifí in ann i gcónaí fionraí na ndleachtanna Comhtharaife Custaim lena mbaineann a fhoirceannadh níos luaithe, mura bhfuil sé chun leas an Aontais a thuilleadh í a choinneáil ar bun nó de bharr forbairtí táirgí teicniúla, cúinsí athraithe nó treochotha eacnamaíocha sa mhargadh. I gcás ina measann an Coimisiún, de thoradh an athbhreithnithe, go ndéanfar fionraí ar tháirge áirithe a athrú nó a fhoirceannadh, cuirfidh sé togra faoi bhráid na Comhairle chun an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a leasú dá réir sin.

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra atá i gceangal leis seo tá táirgí ar cuireadh dleachtanna ar fionraí i ndáil leo cheana de bhua Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha áirithe a chur ar fionraí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1344/2011 ([IO L 354, 28.12.2013, lch. 201](#)).

² Rialachán (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 385, 29.10.2021, lch. 1)

gComhairle arna leasú go deireanach le Rialachán (AE) Uimh. 1052/2021 chomh maith le roinnt táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a ndearnadh athbhreithniú orthu ón uair a rinneadh an leasú deireanach sin.

Ina theannta sin, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra atá i gceangal leis seo tá na hiarrataí nua uile ar dhleachtanna Comhtharaife Custaim a fhionraí go huathrialaitheach go sealadach, iarrataí ar ghlac Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha (GCTE) leo le linn chéim an scrúdaithe. Rinneadh scrúdú ar na hiarrataí nua sin ar fhionraí i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le taraif-fhionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha³.

Tá an togra i gcomhréir leis na beartais trádála, fiontraíochta, forbartha agus caidrimh sheachtraigh. Ní dhéanann an togra seo dochar do chomhaontú um thrádáil fhabhrach a bheith ag tíortha leis an Aontas Eorpach go háirithe (e.g. GSP, réimeas ACC, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha).

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Bunús dlí

Is é Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta. Mar a shonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le taraif-fhionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha, tá na bearta a bheartaítear i gcomhréir leis na prionsabail maidir le nósanna imeachta a shimpliú le haghaidh fiontar atá i mbun trádáil eachtrach. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

- **An rogha ionstraime**

De bhua Airteagal 31 de CFAE, ‘Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, dleachtanna na Comhtharaife Custaim a shocrú’. Dá bhrí sin, Rialachán ón gComhairle an ionstraim iomchuí sa chás seo.

³ IO C 363, 13.12.2011, lch. 6

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Bhí scéim na bhfionraíochtaí uathrialaitheacha faoi réir staidéar meastóireachta a rinneadh in 2013. Ba é ba chonclúid don mheastóireacht go bhfuil an bhunreásúnaíocht atá ann i leith na scéime fós bailí. D'fhéadfadh gur shuntasach iad na coigiltis ar chostais a bheidh ann d'fhiontair an Aontais a bhíonn ag allmhairiú earraí faoin scéim. Ar an mbonn céanna, d'fhéadfadh tairbhí níos ginearálta a bheith leis na coigiltis sin, de réir an táirge, na cuideachta agus na hearnála, amhail borradh a chur faoin iomaíochas, modhanna táirgthe a dhéanamh níos éifeachtúla agus poist a chruthú nó a choimeád san Aontas. Is féidir teacht ar na mionsonraí maidir leis na coigiltis a bhaineann leis an Rialachán seo i bpointe 4 agus sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis seo.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle le Grúpa na gCeisteanna Taraife Eacnamaíocha (ETGQ), ina bhfuil ionadaithe ó gach Ballstát agus ón Tuirc. Freagraíonn na fionraíochtaí uile a liostaítear do chomhaontuithe nó do chomhréitigh a baineadh amach le linn phléití an Ghrúpa.

Rinne GCTE scrúdú cúramach ar gach cás chun a áirithiú nach mbeadh aon dochar á dhéanamh d'fhiontair an Aontais agus go mbeadh sé ag neartú agus ag daingniú iomaíochas táirgthe an Aontais. Is trí bhithin plé a rinne baill GCTE an measúnú agus chuaigh na Ballstáit, dá bpáirt, i gcomhairle leis na tionscail, leis na comhlachais, leis na comhlachais tráchtála agus leis na páirtithe leasmhara rannpháirteacha eile lena mbaineann.

Níor sainaithníodh aon riosca tromchúiseach ionchasach a mbeadh iarmhairtí do-athraithe aige

- **Measúnú tionchair**

Is de chineál teicniúil, agus den chineál sin amháin é an leasú atá beartaithe, agus ní bhaineann sé ach le cumhdach na bhfionraíochtaí a liostaítear faoi láthair san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle (Rialachán a aisghairtear agus a gcuirtear an togra reatha ina ionad). Ní dhearnadh measúnú tionchair toisc nach bhfuil coinne le go mbeidh tionchar suntasach ag na hathruithe a bheartaítear a dhéanamh ar an liosta táirgí a thairbheodh d'fhionraí uathrialaitheach na ndleachtanna Comhtharaife Custaim.

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bhunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Is fiú thart ar EUR 1 294 milliún in aghaidh na bliana na dleachtanna custaim nach mbaileofar de bharr an fhionraíochta a bheith ann. Is fiú EUR 970,5 milliún in aghaidh na bliana an tionchar diúltach ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 75 % den iomlán).

Leis an ráiteas airgeadais reachtach leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin ollioncam náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaife Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir le táirgeadh táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe a leagtar amach san Iarscríbhinn san Aontas, ní ann dó nó ní leor é faoi láthair agus dá bhrí sin ní féidir freastal ar riachtanais tionscal úsáideoirí san Aontas. Dá bhrí sin, is chun leas an Aontais é go ndeonófar fionraíocht pháirteach nó iomlán na ndleachtanna Comhtharaife Custaim den chineál dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ ('dleachtanna CTC') ar na táirgí sin.
- (2) Is gá a shoiléiriú maidir le haon mheascán, ullmhóid nó táirge atá comhdhéanta de chomhpháirteanna éagsúla ina bhfuil na táirgí atá faoi réir fhionraí na ndleachtanna Comhtharaife Custaim, gur cheart é a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo toisc gurb iad na táirgí a shonraítear san Iarscríbhinn amháin atá faoi réir na fionraí.
- (3) D'fhonn leas an Aontais, forbairtí táirgí teicniúla, cúinsí athraithe nó treochoaí eacnamaíochta sa mhargadh a chur san áireamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le deireadh a chur le fionraíochtaí áirithe. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú ar fhionraíochtaí.
- (4) Chun táirgeadh comhtháite ceallraí san Aontas a chur chun cinn, is é 31 Nollaig 2022 an dáta ba cheart a shocrú le haghaidh an athbhreithnithe shainordaithe ar tháirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn, chun go mbeifear in ann an t-athbhreithniú sin a dhéanamh ar chaoi a chuirfidh san áireamh éabhlóid na hearnála ceallraí san Aontas.
- (5) Is minic i bpíosaí, méadair chearnacha nó aonaid tomhais seachas meáchan a chuirtear staidrimh le haghaidh táirgí áirithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an

¹ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Rialachán seo in iúl. Mar sin féin, i gcásanna áirithe, níl aon aonad forlíontach den sórt sin san Ainmníocht Chomhcheangailte a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle². Dá bhrí sin, is gá a fhoráil nach amháin go bhfuil an meáchan i gcileagraim nó i dtonaí sa dearbhú custaim lena scaoileadh i saorchúrsaíocht, ach go bhfuil na haonaid fhorlíontacha ábhartha le haghaidh allmhairí na dtáirgí lena mbaineann ann chomh maith.

- (6) Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle³ roinnt uaireanta. Ina theannta sin, toisc gur tugadh cóid táirgí na hAinmníochta Comhcheangailte cothrom le dáta le Rialachán (AE) Uimh. 2021/1832 ón gCoimisiún⁴ chun gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh a bhaineann leis na hathruithe ar ainmníocht Chóras Comhchuibhithe 2022, is gá roinnt leasuithe a dhéanamh ar na cóid Ainmníochta Comhcheangailte a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013. Is gá freisin tuilleadh leasuithe a dhéanamh ar an Rialachán sin. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 a ionadú dá bhrí sin ar mhaithe le soiléireacht.
- (7) Chun nach gcuirfear isteach ar chur i bhfeidhm scéim na taraif-fhionraíochta uathrialaithe agus chun na treoirlínte a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2011 maidir le taraif-fhionraíochtaí agus taraif-chuótaí uathrialaitheacha a chomhlíonadh, ba cheart feidhm a bheith ag na fionraíochtaí le haghaidh na dtáirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2022 mar ábhar práinne.
- (8) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí go leagfar síos rialacha maidir le fionraí na ndleachtanna CTC i gcás na dtáirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo chun na bunchuspóirí a ghnóthú, arb iad cumas iomaíochta thionscal an Aontais a fheabhsú, agus dá bhrí sin a chur ar a chumas don tionscal sin fostaíocht a choinneáil ar bun nó a chruthú agus a struchtúir a nuashonrú. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

² Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([IO L 256, 7.9.1987, lch. 1](#)).

³ Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe a chur ar fionraí agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1344/2011 ([IO L 354, 28.12.2013, lch. 201](#)).

⁴ Rialachán (AE) 2021/1832 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim ([IO L 385, 29.10.2021, lch. 1](#))

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear ar fionraí leis seo na dleachtanna Comhtharaife Custaim, dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, i gcás na dtáirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a liostaítear san Iarscríbhinn.

2. Ní bheidh feidhm ag Mír 1 le haon mheascán, ullmhóid nó táirge atá comhdhéanta de chomhpháirteanna éagsúla ina bhfuil na táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

1. Féadfaidh an Coimisiún na fionraíochtaí le haghaidh na dtáirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a athbhreithniú sna cásanna seo a leanas:

(a) ar a thionscnamh féin;

(b) arna iarraidh sin do na Ballstáit.

2. Déanfaidh an Coimisiún na fionraíochtaí le haghaidh táirgí a liostaítear san Iarscríbhinn a athbhreithniú le linn na bliana roimh an dáta a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú sainordaitheach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn.

Airteagal 3

I gcás ina gcuirtear dearbhú custaim lena scaoileadh i saorchúrsaíocht i láthair le haghaidh na dtáirgí ar cuireadh na haonaid fhorlíontacha ar fáil ina leith, déanfar cainníocht bheacht na dtáirgí arna n-allmhairiú a iontráil sa dearbhú sin trí úsáid a bhaint as an aonad tomhais a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 4

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH LE HAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL
IMPLEACHT BHUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO hEISIACH DON
IONCAM**

1. AINM AN TOGRA:

Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena gcuirtear ar fionraí na dleachtanna Comhtharaise Custaim dá dtagraítear in Airteagal 56(2) pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 i gcás táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta áirithe

2. LÍNTE BUISÉID:

Caibidil agus Airteagal: Caibidil 12, Airteagal 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2022: 17 912 606 159

3. TIONCHAR AIRGEADAIS:

☐ Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

☒ Níl aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá tionchar airgeadais aige ar ioncam; Is mar a leanas atá an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil¹)

Líne buiséid	Ioncam ²	Tréimhse 12 mhí dar tús ll/mm/bbbb	[Bliain: 2022]
Airteagal 120	<i>Tionchar ar acmhainní dílse</i>	an 01/01/2022	-970,5

Staid tar éis na gníomhaíochta	
	[2022 – 2026]
Airteagal 120	-970,5/ bliain

Cuirtear an Rialachán seo in ionad Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle. Maidir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013 ón gComhairle, tá 2 260 línte táirgí ann, agus is é an toradh atá uirthi méad measta dleachtanna custaim neamhbhailithe is fiú EUR 1 270,5 milliún, le haghaidh na

¹ Méid tascach atá bunaithe ar ríomhanna roinn 3, atá thíos.

² I gcás acmhainní dílse traidisiúnta (dleachta talmhaíochta, tobhaigh siúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu..

bliana 2021, bunaithe ar na figiúirí iarbhir le haghaidh na chéad sé mhí de 2021, arna n-iolrú faoi 2. Faightear an figiúr seo ar bhonn shonraí bhunachar sonraí ‘Surveillance’ [Faireachas] d’Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim de chuid an Choimisiúin maidir le luach iomlán na n-allmhairí táirgí a thagann faoi tharaif-fhionraíochtaí uathrialaitheacha in 2021, arna iolrú faoin ráta dleachta *ad valorem* faoi seach de chuid na Comhtharaife Custaim le haghaidh na línte taraife ar leith. Maidir leis an méid iomlán thuas, fágfar ar lár cheana na dleachtanna neamhbhailithe nach gcuirfear ar fionraí a thuilleadh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus aisghairm Rialachán (AE) Uimh. 1387/2013.

Sa bhreis ar na línte táirgí fionraithe thuasluaite, sa togra seo tá 70 líne táirgí nua atá le cur ar fionraí. Na dleachtanna nach mbaileofar de bharr an fhionraíochta a bheith ann, ar dleachtanna iad arna ríomh ar bhonn réamh-mheastacháin an Bhallstáit iarrthaigh/na mBallstát iarrthach le haghaidh na tréimhse 2022 go dtí 2026, is fiú EUR 13 milliún in aghaidh na bliana iad.

Ar bhonn na staitisticí atá ann cheana i ndáil leis na blianta roimhe sin, is dealraitheach, áfach, gur gá an méid sin a mhéadú faoi mheánfhachtóir, meánfhachtóir a meastar gurb ionann é agus 1,8 chun allmhairí a thagann isteach go Ballstáit eile a bhfuil na fionraíochtaí céanna in úsáid acu a chur san áireamh. Is éard atá i gceist leis sin dleachtanna nach mbaileofar arbh fhiú thar ar EUR 23,4 milliún in aghaidh na bliana iad.

Dá bhrí sin, na dleachtanna nach mbaileofar de bharr na bhfionraíochtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo, dleachtanna arna ríomh ar bhonn allmhairí ionchasacha isteach sa Bhallstát iarrthach le haghaidh na tréimhse 2022 go dtí 2026, is fiú EUR 1 294 milliún in aghaidh na bliana iad.

Ar bhonn a bhfuil thuas meastar gurb é EUR 1 294 milliún (an méid comhlán, lena n-áirítear costais bhailithe) $\times 0,75 =$ EUR 970,5 milliún in aghaidh na bliana le haghaidh na tréimhse 1.1.2022 - 31.12.2026 an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo i dtaca le caillteanas ioncaim do bhuiséad an Aontais.

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh roinnt de na táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit aon rialú custaim a mheasann siad is cuí de réir a gcuid bainistíochta riosca a dhéanamh, mar a fhoráiltear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.